C/2024/5393

4.9.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11680 - WATERLAND / VENDIS CAPITAL / X2O)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/5393)

1. An 28 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— WPEF IX Holdco 13 B.V. (an Ísiltír), faoi rialú Waterland Private Equity Investments ('Waterland', an Ísiltír);

— Vendis Capital IV BV (an Bheilg), faoi rialú Vendis Capital Fund IV ('Vendis Capital', an Bheilg);

— X²O Group faoi rialú Safuko NV (an Bheilg), agus Safuko NV faoi rialú Sakolaki agus Vendis Capital ('X²O', an Bheilg);

Gheobhaidh Waterland agus Vendis Capital rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar X²O ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa neamhspleách infheistíochta cothromais phríobháidigh de chuid na hÍsiltíre é Waterland a chuireann a fhócas ar cheithre théama infheistíochta: aosú an daonra, seachfhoinsiú agus éifeachtúlacht, fóillíocht agus sócúlacht, agus inbhuanaitheacht. Trí straitéis 'ceannach agus forbairt' infheistíonn sé i gcuideachtaí idir FBManna agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá ag feidhmiú san Ostair, in Benelux, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, in Éirinn, sa Pholainn, i gCríoch Lochlann, sa Spáinn, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe.

— Is ciste infheistíochta é Vendis Capital atá dírithe ar earnáil tomhaltóirí na hEorpa agus tógann sé agus infheistíonn sé i gcuideachtaí tomhaltóirí brandáilte idir chuideachtaí beaga agus chuideachtaí mheánmhéide san Eoraip atá in áit mhaith chun fás agus claochlú a chruthaíonn breisluach a spreagadh.

— Is miondíoltóir seomraí folctha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí é X²O in Benelux, a thairgeann troscán seomra folctha, cithfholcadáin, sconnaí, leithris, seomraí folctha, oiriúintí agus radaitheoirí atá éasca le suiteáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11680 - WATERLAND / VENDIS CAPITAL / X2O

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË